



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13880/23

COPS 474
POLMIL 260
EUMC 424
COEST 539
RELEX 1148
CFSP/PESC 1356
CSDP/PSDC 689
CSC 474
EUMAM UKRAINE 19
PSC DEC 45

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte a cheapadh do Mhísean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/2096 (EUMAM Ukraine/2/2023)

CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an ...

**maidir le Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte a cheapadh
do Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh
mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine)
agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/2096
(EUMAM Ukraine/2/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/1968 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine)¹, agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

¹ IO L 270, 18.10.2022, lch. 85.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1968 maidir le Mísean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine).
- (2) Foráiltear le hAirteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2022/1968 go bhfuil Ceannasaíocht Oiliúna Arm Comhcheangailte ilnáisiúnta (CAT-C) le bunú ar an leibhéal oibríochtúil.
- (3) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2022/1968, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) na cinntí ábhartha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Ceannasaithe an Aontais Eorpaigh a cheapadh in EUMAM Ukraine a cheapadh, lena n-áirítear an Ceannasaí Comhcheangailte Oiliúna Arm.
- (4) An 27 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/2096¹ lena gceaptar Maorghinearál Piotr TRYTEK mar Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte ón 27 Deireadh Fómhair 2022.
- (5) An 28 Meán Fómhair 2023, mhol Údaráis na Polainne go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Piotr FAJKOWSKI chun teacht i gcomharbas ar an Maorghinearál Piotr TRYTEK mar Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte.
- (6) An 29 Meán Fómhair 2023, thacaigh Ceannasaí Misin an Aontais leis an togra sin.

¹ Cinneadh (CBES) 2022/2096 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte a cheapadh do Mhísean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (EUMAM Ukraine/1/2022) (IO L 281, 31.10.2022, lch. 71).

- (7) An 3 Deireadh Fómhair 2023, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Piotr FAJKOWSKI mar Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte ón 29 Meán Fómhair 2023.
- (8) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Briogáidire-Ghinearál Piotr FAJKOWSKI a cheapadh mar Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte do EUMAM Ukraine ón 29 Meán Fómhair 2023 agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/2096 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Briogáidire-Ghinearál Piotr FAJKOWSKI mar Cheannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte do Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) ón 29 Meán Fómhair 2023.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/2096 a aisghairm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 29 Meán Fómhair 2023.

Arna dhéanamh in/sa ...

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus
Slándála
An Cathaoirleach*